Rannóg Oideachais Speisialta
An Roinn Oideachais & Scileanna
Cor na Madadh
Átha Luain
Co. na hIarmhí

Special Education Section
Department of Education & Skills
Cornamaddy
Athlone
Co. Westmeath

**Imlitir 0050/2011**

**Boird Bhainistíochta agus Príomhoidí na mBunscoileanna**

## An Scéim Teagasc Baile 2011/2012

### 1. Tús eolais

Ceapadh an imlitir seo chun eolas a sholáthar mar gheall ar an Scéim Teagasc Baile. Gheofar eolas sonrach ann ar na nithe seo a leanas:

- Cuspóir na scéime
- Na critéir cháilitheachta faoi théarmaí na scéime
- Leithdháileadh uaireanta faoi théarmaí na scéime
- Cáilíochtaí na soláthraithe teagaisc
- Comhlánú na foirme iarratais
- Nósanna imeachta íocaíochta

**Tabhair do d'aire, le do thoil, go n-iarrtar ar iarrthóirí ar theagasc le haghaidh scoilbhliain 2011/2012 foirmeacha iarratais a bheith seolta ar ais go dtí an Roinn Oideachais agus Scileanna ar an 14 Deireadh Fómhair 2011 ar a dhéanaí.**

### 2. Cuspóir na scéime

Ceapadh teagasc baile chun seirbhís oideachais chúiteach a sholáthar do:

i) Leanaí a bhfuil staid mhíochaine shuntasach orthu ar dócha go gcuirfidh sé isteach go mór ar a bhfreastal leanúnach ar an scoil. Mar sin cuirfear teagasc baile sa chatagóir seo ar fáil do dhaltaí sna cásanna seo a leanas:

(a) daltaí nach féidir leo freastal ar an scoil ar chor ar bith.

(b) daltaí a bhíonn as láthair ar feadh cuid mhór den scoilbhliain i gcás ina gciallaíonn sé sin nach dócha go mbeidh an dalta in ann feidhmiú go hacadúil ag an leibhéal a mbeifí ag súil leis i bhfianaise a leibhéal cumais, gan teagasc forlíontach.

ii) Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu agus atá ag feitheamh ar shocrúchán oiriúnach oideachais; beart eatramhach a bheadh ann sna cásanna sin.

iii) Leanaí os cionn dhá bhliain go leith d'aois (a measúnaíodh mar leanaí a bhfuil neamhord ar speictream an uathachais acu bunaithe ar chritéir DSM IV nó ICD 10) nach bhfuil socrúchán scoile ar fáil dóibh.

Idirghabháil chun oideachas a chur ar leanaí is ea teagasc baile agus é sin amháin. Gnó is ea é d'FSS seirbhísí teiripeacha ar nós teiripe urlabhra agus teanga, teiripe cheirde, seirbhísí síceolaíocha agus mar sin de a chur ar fáil. Ní féidir cistiú do Theagasc Baile a úsáid chun seirbhísí dá sórt a chur ar fáil.

Coimeádann an Roinn aici féin an ceart socruithe a dhéanamh chun an soláthar oideachais a chuirtear ar fáil le cistiú faoin Scéim Teagasc Baile a mheas agus beidh na huaireanta ar fad a cheadaítear faoin scéim faoi réir an choinníll sin.

**3. Na critéir cháilitheachta faoi théarmaí na scéime**

i) Leanaí a bhfuil staid mhíochaine shuntasach orthu ar dócha go gcuirfidh sé isteach go mór ar a bhfreastal leanúnach ar an scoil, beidh siad cáilithe le teagasc a fháil faoin scéim:

Measúnaítear cáilitheacht faoin bhforáil seo faoi threoir thuairisc chomhlánaithe dochtúra agus taifid tinrimh arna soláthar ag an scoil ina bhfuil an leanbh cláraithe. I gcás neamhláithreachta de dheasca fóibe scoile agus/nó dúlagair ní mór tuarascáil iomlán ar leithligh a bheith ar fáil ó shíceolaíoch / ó shíciteiripeoir / ó shíciatraí ina luaitear na céimeanna gníomhacha atá á nglacadh chun láithreacht a fheabhsú. D'fhéadfadh an Roinn tuarascálacha nuashonraithe a lorg i gcúrsa na bliana.

ii) Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu agus atá ag feitheamh ar shocrúchán oiriúnach oideachais:

Cinntear cáilitheacht faoin bhforáil seo i gcomhairle leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) leis an Eagraí Riachtanas Speisialta Oideachais (SENO) áitiúil, de réir mar is cuí. Leithdháiltear uaireanta teagaisc mar bheart eatramhach chun oideachas a chur ar leanaí atá ag feitheamh ar shocrúchán oideachais. Ní mór d'iarratasóirí sa cháil seo roinn 2B nó 2C a chomhlánú i gcomhar leis an SENO de réir mar is gá agus gach measúnú/tuarascáil ghairmiúil lena mbaineann a bheith in éineacht léi. I gcás ina sainaithníonn an NCSE socrúchán oideachais ach go roghnaíonn na

tuismitheoirí nó na caomhnóirí gan glacadh leis an socrúchán beartaithe ní cháileoidh an leanbh le haghaidh teagaisc i scoilbhliain 2011/2012.

iii) <u>Leanaí os cionn dhá bhliain go leith d'aois (a measúnaíodh mar leanaí a bhfuil neamhord ar speictream an uathachais acu bunaithe ar chritéir DSM IV nó ICD 10) nach bhfuil socrúchán scoile ar fáil dóibh.</u>

Braithfidh cáilitheacht faoin bhforáil seo ar fháthmheas de Neamhord ar Speictream an Uathachais a bheith tugtha, bunaithe ar chritéir DSM IV nó ICD 10. Ní leithdháilfear uaireanta ach amháin ar na leanaí sin nach bhfuil socrúchán i rang scoile luath-idirghabhála ar fáil dóibh.

Tacaíonn an Stát le luath-idirghabháil i gcás leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu trí chistiú a chur ar fáil do roinnt socrúchán creise / réamhscoile, lena n-áirítear:

- Socrúcháin luath-idirghabhála a ghabhann le scoileanna príomhshrutha nó le scoileanna speisialta.
- Socrúcháin luath-idirghabhála a ghabhann le soláthraithe seirbhíse a fhaigheann cistiú ó FSS.
- Socrúcháin phríobháideacha réamhscoile arna dtacú ag an Scéim um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige. Socrúcháin phríobháideacha réamhscoile arna dtacú ag cúnamh deontais ó FSS nó Cúntóir Réamhscoile arna thacú nó arna tacú ag FSS.
- Teagasc Baile.

An aidhm ná tacú le struchtúr socrúchán luath-óige amháin in imeacht aimsire. Idir an dá linn, faoi réir sheirbhís a bheith ar fáil agus na critéir cháilitheachta maidir le tacaíocht a bheith comhlíonta, féadfaidh tuismitheoirí teacht a fháil ar cheann amháin nó níos mó de na socrúcháin luath-idirghabhála thuasluaite.

Iarrtar ort a nótáil go nglactar le hiarratais ar Theagasc Baile ar an tuiscint go bhféadfaí an t-eolas a chuirtear ar fáil, lena n-áirítear uimhreacha PSP, a roinnt le FSS, leis an NCSE, le hOifig an Aire Gnóthaí Leanaí agus Óige agus leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun a chinntiú nach gcuirfear cistiú dúbailte ar fáil.

A luaithe a dhéantar fáthmheas de Neamhord ar Speictream an Uathachais i leith linbh, ba cheart do thuismitheoirí nó caomhnóirí teagmháil a dhéanamh leis an SENO áitiúil féachaint an bhfuil áit scoile ina gceantar féin, agus muna bhfuil, chun sonraí an linbh a sholáthar don SENO le cinntiú gur féidir tús a chur le hoideachas an linbh as sin amach a phleanáil a luaithe is féidir. Gheobhaidh tú sonraí teagmhála an SENO áitiúil ar www.ncse.ie I gcás ina sainaithníonn an NCSE socrúchán oideachais ach go roghnaíonn

na tuismitheoirí nó na caomhnóirí gan glacadh leis an socrúchán beartaithe ní cháileoidh an leanbh le haghaidh teagaisc i scoilbhliain 2011/2012.

**4. Leithdháileadh uaireanta faoi théarmaí na scéime**

i) Leanaí a bhfuil staid mhíochaine shuntasach orthu ar dócha go gcuirfidh sé isteach go mór ar a bhfreastal leanúnach ar an scoil.

Deich n-uair an chloig sa tseachtain an leithdháileadh uasta uaireanta teagasc baile do leanaí a bhfuil breoiteacht orthu. Braitheann an leithdháileadh ar aois an linbh agus a leibhéal tinrimh.

ii) Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu agus atá ag feitheamh ar shocrúchán oiriúnach oideachais:

Fiche uair an chloig sa tseachtain an leithdháileadh uasta uaireanta teagasc baile do leanaí atá ag feitheamh ar shocrúchán cuí faoi réir na féilire scoile lena mbaineann.

iii) Leanaí os cionn dhá bhliain go leith d'aois (a measúnaíodh mar leanaí a bhfuil neamhord ar speictream an uathachais acu bunaithe ar chritéir DSM IV nó ICD 10) nach bhfuil socrúchán scoile ar fáil dóibh.

Deich n-uair an chloig an leithdháileadh do leanaí a bhfuil ASD orthu agus atá faoi bhun 3 bliana d'aois ar mhaithe le clár oideachais luath-idirghabhála ar bhonn aonraic a sholáthar. Méadaítear an leithdháileadh sin go 20 uair an chloig sa tseachtain a luaithe a bhíonn an leanbh 3 bliana d'aois (ar choinníoll nach mbíonn socrúchán scoile ar fáil). D'fhéadfadh socrúchán scoile do leanaí os cionn 3 bliana d'aois bheith i rang luath-idirghabhála nó i rang príomhshrutha le tacaíochtaí nó i rang speisialta do leanaí atá os cionn 4 bliana d'aois.

Tacaíonn an Stát le luath-idirghabháil i gcás leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu trí chistiú a chur ar fáil do roinnt socrúchán creise / réamhscoile. Faoi réir na seirbhísí sin a bheith ar fáil féadfaidh tuismitheoirí teacht a fháil ar cheann de na socrúcháin luath-idirghabhála a shonraítear in uimhir a 3 thuas.

5. **Cáilíochtaí na soláthraithe teagaisc:**

Toisc go dtugtar an teagasc gan maoirseacht scoile ní mór a chinntiú gur múinteoir lánch※áilithe atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta a sholáthraíonn an teagasc.

Ach munar féidir soláthraí teagaisc ar múinteoir cáilithe cláraithe é nó í a fhostú ansin d'fhéadfadh cáilíochtaí eile a bheith inghlactha, de réir mar is cuí. Gheofar in Aguisín A sonraí na gcáilíochtaí a bheidh inghlactha sa mhéid seo. I gcás nach múinteoir cáilithe an teagascóir ainmnithe, ba cheart d'iarratasóirí fianaise a choimeád ar iarrachtaí a rinneadh chun teagascóir le cáilíocht mhúinteoireachta a fháil.

Le cáiliú don ráta íocaíochta laghdaithe, ní mór do mhúinteoir a bheith cláraithe agus aitheantas a bheith aige nó aici ón gComhairle Mhúinteoireachta. I gcás nach bhfuil aitheantas ag múinteoir ón gComhairle Mhúinteoireachta, ní mór mioneolas maidir le cáilíochtaí an duine sin a chur ar aghaidh go dtí an Roinn. Ní mór do sholáthraithe teagaisc nach bhfuil cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta cóip iomlán dá gcáilíochtaí cuí a sholáthar mar aon le haitheantas grianghrafach atá sínithe acu, m.sh. fótachóip de cheadúnas tiomána / de phas. Coimeádfar an comhartha aitheantais sin ar feitheamh ar an gcéad éileamh íocaíochta ionas gur féidir an síniú ar an bhfoirm éilimh a chur i gcomparáid leis an síniú ar an gcomhartha aitheantais. Nótálfar an síniú ar an gcomhad ansin agus cuirfear an comhartha aitheantais de láimh ar bhonn rúnda.

**Ní ceadmhach tús a chur le teagasc ar bith go dtí go mbeidh cáilíochtaí agus comharthaí aitheantais an tsoláthraí teagaisc ceadaithe.**

Faoi threoirlínte na Roinne múinteoirí a roghnaíonn dul ar sos gairme (imlitir 10/03), jab a roinnt (imlitir 11/03) nó dul ar saoire neamhíoctha (imlitir 35/10), ní ceadmhach dóibh teagasc baile a sholáthar. Múinteoirí atá imithe ar scor agus atá ag fáil pinsin seirbhíse poiblí, is é an ráta laghdaithe amháin a íocfar leo.

D'fhéadfadh imlitir na Roinne 0031/2011 ar Chlárú, Earcú agus Cáilíochtaí Múinteoirí a bheith ina chabhair duit. Gheofar gach imlitir ar www.education.ie

## 6. Socruithe Grinnfhiosrúcháin

Ní mór gach teagascóir a bheith grinnfhiosraithe sula dtosaíonn siad ar theagasc baile a thabhairt. Déanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna teagmháil le hAonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda maidir leis sin ar na doiciméid lena mbaineann a bheith faighte ón teagascóir. Ní sholáthraíonn Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda imréiteach do dhaoine a oibríonn le leanaí. Tugann an tAonad ráiteas don Roinn a deir nár taifeadadh aon chiontú in aghaidh an iarratasóra roimhe seo ar thaifid an Gharda. I gcás ina bhfuil taifead ciontuithe ag an iarratasóir maidir le mí-úsáid linbh, molfaidh an Roinn don tuismitheoir gan an duine sin a fhostú mar theagascóir.

Sula gcuirtear tús leis an teagasc ní mór do gach teagascóir iarratas a dhéanamh ar ghrinnfhiosrú chuig an Roinn trí *Fhoirm Iarratais Grinnfhiosrúcháin an Gharda* agus

Dearbhú Reachtúil a chomhlánú agus an dá fhoirm a chur ar ais chuig an Rannóg Oideachais Speisialta in éineacht leis an bhfoirm iarratais teagasc baile. Cuirfidh an Roinn an fhoirm ar aghaidh chuig Oifig Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda lena próiseáil. Déanfar gach iarracht an próiseas grinnfhiosrúcháin a bheith tugtha chun críche roimh thús an teagaisc. Ach munar féidir sin a dhéanamh féadfar tús a chur leis an teagasc faoi réir *Foirm Dhearbhaithe Reachtúil* a bheith curtha isteach ag an teagascóir.

Múinteoirí a ndearnadh grinnfhiosrú maidir leo tríd an gComhairle Mhúinteoireachta ó Eanáir 2010 i leith, ní gá dóibh athiarratas a dhéanamh ar ghrinnfhiosrú. Ach ní mór do mhúinteoirí mar sin bheith in ann an litir ghrinnfhiosrúcháin bhunaidh a sholáthar do na tuismitheoirí agus cóip dheimhnithe a sholáthar don Roinn. Ní mór do na múinteoirí sin *Foirm Dhearbhaithe Reachtúil* chomhlánaithe a chur isteach go dtí Roinn. **Múinteoirí atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta, ní mór dóibh cead a thabhairt don Chomhairle Mhúinteoireachta a gcuid sonraí a chur ar taispeáint ar shuíomh Gréasáin na Comhairle Múinteoireachta chun gur féidir leis an Roinn seo a fhíorú go bhfuil an múinteoir cláraithe i láthair na huaire. Gheofar tuilleadh eolais ó www.teachingcouncil.ie**

Ní mór do gach teagascóir an *Fhoirm Dhearbhaithe Reachtúil* a bhaineann le cúrsaí cosanta leanaí a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an Roinn roimh thús an teagaisc.

**7. Comhlánú na foirme iarratais**

Dhá roinn atá san fhoirm iarratais.

Roinn 1 mar a n-iarrtar sonraí ginearálta, mar shampla ainm, seoladh agus teistiméireacht ó shocrúchán roimhe sin i gcás inar cuí, agus sonraí cháilíochtaí an tsoláthraí/na soláthraithe ainmnithe teagaisc.

Roinn 2 ina bhfuil trí chuid, **ar cuí ceann amháin díobh a chomhlánú:**

Roinn 2 (a) mar a n-iarrtar eolas liachta agus sonraí tinrimh i gcás leanaí atá ag cur isteach ar theagasc mar a bhféadfadh staid shuntasach liachta cur isteach go leanúnach ar a bhfreastal scoile. Ba cheart cóipeanna de thuarascálacha gairmiúla/liachta a fuarthas le deireanas a cheangal de, de réir mar is cuí.

Roinn 2 (b) mar a lorgaítear sonraí i dtaobh socrúchán leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus atá ag cur isteach ar theagasc mar bheart eatramhach fad atá siad ag feitheamh ar shocrúchán scoile. Ba cheart cóipeanna de thuarascálacha gairmiúla/liachta a fuarthas le deireanas a cheangal de, de réir mar is cuí. Iarrfar sonraí agus fíorú ar theagmháil leis an NCSE, leis.

Roinn 2 (c) a bhaineann go sonrach le hiarratais ar theagasc ar son leanaí atá faoi neamhord ar speictream an uathachais agus a dteastaíonn luath-idirghabháil oideachais uathu. Ba cheart cóipeanna de thuarascálacha gairmiúla/liachta a fuarthas le deireanas a cheangal de, de réir mar is cuí. Iarrfar sonraí agus fíorú ar theagmháil leis an NCSE, leis, más cuí sin.

Ní mór gach cuid bhainteach den fhoirm seo a chomhlánú ina hiomláine. Muna gcomhlánaítear, d'fhéadfadh sé moill a chur ar an iarratas. I gcásanna áirithe d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach an fhoirm a chur ar ais chuig an seoltóir lena comhlánú. Ba cheart a nótáil nach dtugtar ceadú ach amháin nuair a bhíonn an próiseas iarratais tugtha chun críche ina iomláine lena n-áirítear litir cheada a bheith eisithe ina ndeimhnítear túsdáta an teagaisc. Chun géilleadh do na socruithe grinnfhiosrúcháin a bhaineann leis an scéim, ní mór Aguisín 2 a chomhlánú mar aon le hAguisín 1 i gcásanna áirithe.
Íoslódáil Foirm Iarratais nó féadfaidh tú teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an rannóg thuas.

**8: Nósanna imeachta Íocaíochta**

Ní mór do thuismitheoirí/do chaomhnóirí bheith ar an eolas nach ndéanfar cistiú teagasc baile a shiardhátú i gcúinsí ar bith. Ba cheart a nótáil nach dtugtar ceadú ach amháin nuair a bhíonn an próiseas iarratais tugtha chun críche ina iomláine lena n-áirítear litir cheada a bheith eisithe ina ndeimhnítear túsdáta an teagaisc.

A luaithe a bheidh an ceadú teagasc baile deonaithe, seoltar cóip den litir chuig rannóg na n-íocaíochtaí teagasc baile sa Roinn seo. Gach teagmháil a bheidh agat as sin amach, is leis an rannóg íocaíochtaí a bheidh sé. Gheofar sonraí na rátaí íocaíochta in Aguisín B.

Ach má thagann athrú ar na cúinsí faoinar ceadaíodh an teagasc baile ansin ba cheart scéala a chur chuig an Rannóg Oideachais Speisialta láithreach.

An tslí a n-íoctar an deontas

Íoctar deontais teagasc baile ar dhá mhodh ar leith:

(A) Más múinteoir atá ar phárolla bunmhúinteoirí buana na Roinne Oideachais agus Scileanna i láthair na huaire an múinteoir a sholáthraíonn an teagasc baile, íocfar an múinteoir díreach trí phárolla na Roinne.

Ní mór foirm éilimh chomhlánaithe arna síniú ag an tuismitheoir agus ag an múinteoir araon a bheith seolta ar ais chuig an rannóg íocaíochta ag deireadh gach míosa. Níor cheart do thuismitheoirí teagascóirí ar bunmhúinteoirí buana iad a íoc toisc nach n-aisíocfaidh an Roinn aon íocaíocht mar sin leo.

(B) Más amhlaidh NACH múinteoir atá ar phárolla bunmhúinteoirí buana na Roinne Oideachais agus Scileanna i láthair na huaire an múinteoir a sholáthraíonn an teagasc baile, íocfar an múinteoir díreach tríd an tuismitheoir.
Is mar Ríomhaistriú Cistí (EFT) amháin a dhéantar íocaíochtaí mar sin, agus is isteach i gcuntas bainc an tuismitheora a seoltar iad.
Ní ceadmhach íocaíocht a dhéanamh díreach isteach i gcuntas bainc teagascóra.

Cathain a eiseofar an íocaíocht?

De ghnáth eisítear an íocaíocht idir ceithre seachtaine agus sé seachtaine ón uair a bhfaightear an fhoirm éilimh sa Roinn. Eiseoidh an Roinn réamhíocaíocht ar an éileamh a bheith faighte maidir leis na tréimhsí Meán Fómhair 2011 go Nollaig 2011 agus ó Eanáir go deireadh na scoilbhliana, ina dhiaidh sin. Gheofar ar an bhfoirm éilimh sonraí faoin tslí le héileamh a dhéanamh ar réamhíocaíocht. Tá an fhoirm ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne seo. Tugtar an suíomh Gréasáin cothrom le dáta gach seachtain chun tuismitheoirí a chur ar an eolas mar gheall ar stádas na n-éileamh atá déanta acu. Ba cheart a nótáil i gcás ina bhfuil níos mó ná teagascóir amháin ag soláthar teagaisc don leanbh céanna ar rátaí difriúla íocaíochta, go bhféadfadh sé nárbh fhéidir réamhíocaíochtaí a dhéanamh, agus go mbeidh ar thuismitheoirí éileamh i riaráiste a dhéanamh ar bhonn míosúil.

Ceisteanna eile a bhaineann le híocaíochtaí teagasc baile:

Chun géilleadh don reachtaíocht láithreach,

- Ní mór uimhreacha PSP tuismitheora/tuismitheoirí agus teagascóra/teagascóirí a sholáthar le gur féidir íocaíocht a dhéanamh.

- Ní mór do **thuismitheoirí** a n-íoctar deontais leo go díreach ní mór dóibh deimhniú imréitigh cánach reatha a sholáthar ina n-ainm féin. Ní féidir íocaíocht a eisiúint gan an deimhniú cánach sin a bheith faighte.
  Gheofar eolas ar dheimhnithe imréitigh chánach ar www.revenue.ie
  Is féidir iarratas ar dheimhniú imréitigh chánach a dhéanamh chuig na Coimisinéirí Ioncaim ag: www.revenue.ie/en/business/running/tax-clearance.html.

Ba cheart do thuismitheoirí, do mhúinteoirí agus do theagascóirí a nótáil go gcuirtear sonraí airgeadais na Scéime seo ar aghaidh chuig na Coimisinéirí Ioncaim gach bliain, de réir mar a éilítear faoin reachtaíocht láithreach. Cuirfidh an Roinn seo méideanna na ndeontas oideachais a eisítear do thuismitheoirí mar aon le hainmneacha agus uimhreacha PSP na dtuismitheoirí agus na dteagascóirí in iúl don Roinn.

Ní íoctar liúntais taistil ná cothabhála maidir le teagasc baile.

Gheofar foirmeacha breise éilimh ar dheontais teagasc baile ag www.education.ie

**9. Ceisteanna**

**Ba cheart ceisteanna mar gheall ar an scéim teagasc baile a chur chuig:**
An tAonad Teagasc Baile, An Rannóg Oideachais Speisialta, An Roinn Oideachais & Scileanna, Baile Átha Luain,
Co. na hIarmhí – Uimhreacha Teagmhála: 090 6483757, 090 6483926, 090 6483921.

**Ba cheart ceisteanna mar gheall ar íocaíochtaí teagasc baile a chur chuig:**
Riachtanais Speisialta agus Deontais Teagaisc, Roinn na Scoileanna – Airgeadas
An Roinn Oideachais agus Scileanna, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí -
Uimhreacha teagmhála: 090 6483750, 090 6484239, 090 6483872.
Seoladh Ríomhphoist: sntg@education.gov.ie

Jim Mulkerrins
Príomhoifigeach
An Rannóg Oideachais Speisialta
Lúnasa 2011

Gheofar cóip den imlitir seo ar shuíomh Gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna ag www.education.ie

<u>**AGUISÍN A:**</u>

**An Scéim Teagasc Baile**

Toisc go dtugtar an teagasc gan maoirseacht scoile ní mór a chinntiú gur múinteoir láncháilithe atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta a sholáthraíonn an teagasc baile.

Ach muna féidir soláthraí teagaisc ar múinteoir cáilithe cláraithe é nó í a earcú ansin d'fhéadfadh cáilíochtaí eile a bheith inghlactha, ar a n-áirítear na cáilíochtaí seo a leanas:

- **Baitsiléir san Oideachas, Ard-Dioplóma san Oideachas, Cáilíocht Montessori**
  **– Dioplóma Náisiúnta/Baitsiléir Ealaíon i nDaonnachtaí in Oideachas Montessori i gColáiste San Nioclás, Dún Laoghaire**
- **Stádas Múinteora Cáilithe ón Ríocht Aontaithe**
- **Cáilíocht thríú leibhéal B.A., B.Sc, Síceolaíochta, RNMH srl.**
  **(ag brath ar na cúinsí)**
- **Cáilíocht san uathachas (cáilíocht shonrach uathachais) nó cáilíocht ó Choláiste Phádraig, Droim Conrach, nó ó Ollscoil Bermingham, nó ó Ollscoil eile sa RA; (nó ó SAM/ón Astráil) nó cáilíocht i gcur chuige feidhmeach i leith daltaí le huathachas a mhúineadh – in ABA, PECS, TEACCH. Cúrsa oifigiúil teastais nó dioplóma arna dhaingniú ag ollscoil, coláiste nó eagraíocht a chaithfidh a bheith sa cháilíocht sin. (Ní bheidh gearrchúrsa nó teastas scoile srl. inghlactha): nó**
- **Cúrsa trí bliana lánaimseartha ag Coláiste Montessori i mBaile an Mhuilinn a bheith tugtha chun críche go rathúil**

## AGUISÍN B

**An Scéim Teagasc Baile**

**Rátaí íocaíochta**

Tá dhá ráta íocaíochta ann do theagascóirí a sholáthraíonn teagasc baile – an ráta caighdeánach agus an ráta laghdaithe

D'fhéadfaí na rátaí íocaíochta sin a athrú.  Seo a leanas na rátaí is infheidhme:

**An ráta caighdeánach:**

Múinteoir atá cáilithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus ar

bunmhúinteoir cáilithe é/í
atá ag soláthar teagaisc do dhalta bunscoile: € 36.60 san uair oibre.

múinteoir iarbhunscoile cáilithe é/í
atá ag soláthar teagaisc do dhalta iarbhunscoile: € 40.10 san uair oibre.

**An ráta laghdaithe:**

I gcás nach bhfuil an teagascóir cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus/nó nach bhfuil sé cáilithe chun dul ag múineadh san earnáil ina bhfuil an teagasc á soláthar ansin cuirfear an ráta laghdaithe i bhfeidhm.

An ráta laghdaithe: € 26.07 san uair oibre.

Múinteoirí atá imithe ar scor agus atá ag fáil pinsin seirbhíse poiblí, is é an ráta laghdaithe amháin a íocfar leo.